*Uimhir* 19 *de* 2016

# An tAcht Árachais Sláinte (Leasú), 2016

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 19 *de* 2016

# AN tACHT ÁRACHAIS SLÁINTE (LEASÚ), 2016

[*An tiontú oifigiúil*]

## CLÁR AN ÁBHAIR


Alt

1. Míniú
2. Leasú ar alt 7AB den Phríomh-Acht
3. Leasú ar alt 7E den Phríomh-Acht
4. Leasú ar alt 7F den Phríomh-Acht
5. Toirmeasc ar chonarthaí árachais sláinte a fhoirceannadh nó ar dhiúltú iad a athnuachan
6. Leasú ar alt 11C den Phríomh-Acht
7. Leasú ar Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht
8. Leasú ar alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999
9. Gearrtheideal, tosach feidhme, comhlua agus forléiriú

## Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht Árachais Sláinte, 1994 (Uimh. 16)

Na hAchtanna Árachais Sláinte, 1994 go 2015

An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 (Uimh. 31)

An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)

*Uimhir* 19 *de* 2016

# AN tACHT ÁRACHAIS SLÁINTE (LEASÚ), 2016

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú an Achta Árachais Sláinte, 1994 d'fhonn méid na préimhe a íocfar as an gCiste um Chothromú Fiontar i leith aicmí áirithe daoine árachaithe ón 1 Aibreán 2017 a shonrú; do leasú an Achta sin chun na himthosca ina bhféadfaidh gnóthas cláraithe conradh árachais sláinte a fhoirceannadh nó diúltú é a athnuachan a shonrú tuilleadh; do dhéanamh leasuithe áirithe eile ar an Acht sin; do dhéanamh leasú iarmhartach ar an Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[26 *Nollaig* 2016]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Míniú**

**1.** San Acht seo, ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht Árachais Sláinte, 1994.

**Leasú ar alt 7AB den Phríomh-Acht**

**2.** Leasaítear alt 7AB den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) (a) Ní dhéanfaidh gnóthas cláraithe in aon bhliain féilire na sochair is iníoctha faoi chineál conartha iomchuí (neamh-bhreischumhdach) a thairgeann sé sa Stát a athrú sa chaoi go dtiocfaidh sé chun bheith ina chineál conartha iomchuí (breischumhdach) ach amháin—

(i) i gcás bliain féilire roimh an 1 Eanáir 2017, le héifeacht ón 1 Márta sa bhliain féilire sin, agus

(ii) i gcás bhliain féilire 2017 agus aon bhliain féilire dá héis, le héifeacht ón 1 Aibreán i ngach bliain féilire den sórt sin.

(b) Ní dhéanfaidh gnóthas cláraithe in aon bhliain féilire na sochair is iníoctha faoi chineál conartha iomchuí (breischumhdach) a thairgeann sé sa Stát a athrú sa chaoi go dtiocfaidh sé chun bheith ina chineál conartha iomchuí (neamh-bhreischumhdach) ach amháin—

(i) i gcás bliain féilire roimh an 1 Eanáir 2017, le héifeacht ón 1 Márta sa bhliain féilire sin, agus

(ii) i gcás bhliain féilire 2017 agus aon bhliain féilire dá héis, le héifeacht ón 1 Aibreán i ngach bliain féilire den sórt sin.”.

**Leasú ar alt 7E den Phríomh-Acht**

**3.** Leasaítear alt 7E den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) i mír (a)(iii), trí “úsáid ospidéil” a chur in ionad “úsáid leapacha ospidéil”, agus

(ii) i mír (b)—

(I) i bhfomhír (i), trí “an tréimhse shonraithe (agus an cuspóir a shonraítear i bhfomhír (iii)(II) á chur i gcuntas)” a chur in ionad “an tréimhse shonraithe”, agus

(II) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iii):

“(iii) (I) faoi réir fho-alt (1A), méideanna na gcreidmheasanna um chothromú fiontar a mheasfaidh an tÚdarás, tar éis aird a thabhairt ar an meastóireacht sin agus ar an anailís sin, ba ghá a thabhairt, faoin Scéim um Chothromú Fiontar, do dhaoine atá árachaithe ag gnóthais chláraithe (seachas gnóthais comhaltais shrianta) ag féachaint don phríomhchuspóir (a mhéid a bhaineann an príomhchuspóir le conarthaí iomchuí), don aidhm arb éard í íoc róchúitimh le gnóthas cláraithe nó le hiarghnóthas cláraithe faoi oibriú na bhforálacha airgeadais iomchuí (seachas alt 470B den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997) a sheachaint, don aidhm arb éard í inmharthanacht an mhargaidh árachais sláinte a chothabháil agus don aidhm arb éard í iomaíocht chóir oscailte a bheith sa mhargadh árachais sláinte, agus

(II) an cuspóir gur chóir nár lú an ghlan-mheáníocaíocht réamh-mheasta éilimh árachais in aghaidh an duine árachaithe d’aoisghrúpa iomchuí daoine árachaithe i leith aon tréimhse 12 mhí as a chéile ná 125 faoin gcéad den ghlan-mheánícaíocht réamh-mheasta éilimh árachais in aghaidh an duine árachaithe do gach aoisghrúpa daoine árachaithe i leith na tréimhse céanna sin, agus”,

(b) i bhfo-alt (2)(a)—

(i) i bhfomhír (v), trí “sa mhargadh árachais sláinte,” a chur in ionad “sa mhargadh árachais sláinte, agus”,

(ii) i bhfomhír (vi), trí “a úsáid), agus” a chur in ionad “a úsáid),”, agus

(iii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (vi):

“(vii) ar an gcuspóir a shonraítear i bhfo-alt (1)(b)(iii)(II),”,

agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(4) San alt seo—

ciallaíonn 'glan-mheáníocaíocht', i ndáil leis an meáníocaíocht éilimh árachais in aghaidh an duine árachaithe—

(a) d'aoisghrúpa iomchuí daoine árachaithe, nó

(b) do gach aoisghrúpa daoine árachaithe,

an mheáníocaíocht tar éis glantionchar airgeadais réamh-mheasta na bhforálacha airgeadais iomchuí i leith an 12 mhí as a chéile lena mbaineann dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b)(iii)(II) a chur chun feidhme;

ciallaíonn 'aoisghrúpa iomchuí daoine árachaithe' aoisghrúpa daoine árachaithe a shonraítear i gcolún 1 de Thábla 2 a leagtar amach i Sceideal 4 ar ina leith atá, nó a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh, de réir alt 11C, cuid den phréimh is iníoctha i leith duine árachaithe den sórt sin iníoctha as an gCiste.".

**Leasú ar alt 7F den Phríomh-Acht**

**4.** Leasaítear alt 7F den Phríomh-Acht—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

"(4A) (a) Measfaidh an tÚdarás, maidir leis an méid ba bhrabús réasúnach do ghnóthas cláraithe i leith a ghnó árachais sláinte iomchuí sa Stát, i leith na tréimhse 3 bliana ón 1 Eanáir 2016 go dtí deireadh 2018, gur toradh ar dhíolacháin é, roimh athárachú agus gan ioncam infheistíochta a áireamh, nach mó ná 4.4 faoin gcéad sa bhliain i leith an ghnó sin i leith na tréimhse 3 bliana sin, arna glacadh ina hiomláine, agus arna ríomh trí chaighdeáin chuntasaíochta cheadaithe a úsáid agus ag féachaint don Chreat Aontais Eorpaigh le haghaidh cúnaimh Stáit ar mhodh cúitimh seirbhíse poiblí (2011) (2012/C8/03).

(b) Beidh feidhm ag mír (a), fairis na modhnuithe go léir is gá, maidir le gach tréimhse infheidhme 3 bliana mar atá feidhm aici maidir leis an tréimhse 3 bliana dá dtagraítear sa mhír sin.",

(b) i bhfo-alt (5)(b)—

(i) i bhfomhír (ii), trí "deireadh 2013," a chur in ionad "deireadh 2013, nó", agus

(ii) trí na fomhíreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iii):

"(iv) más infheidhme mír (a) d'fho-alt (4A), an tréimhse ón 1 Eanáir 2016 go dtí deireadh 2018, nó

(v) más infheidhme mír (b) d'fho-alt (4A), an tréimhse ón 1 Eanáir den chéad bhliain den tréimhse infheidhme 3 bliana go dtí deireadh na bliana deiridh den tréimhse infheidhme 3 bliana,",

agus

(c) i bhfo-alt (14)—

(i) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

"ciallaíonn 'tréimhse infheidhme 3 bliana'—

(a) an tréimhse 3 bliana ón 1 Eanáir 2017 go dtí deireadh 2019, agus

(b) an tréimhse 3 bliana ón 1 Eanáir 2018 go dtí deireadh 2020,

agus mar sin de do gach tréimhse 3 bliana dá héis;",

(ii) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "brabús réasúnach":

"maidir le 'brabús réasúnach'—

(a) forléireofar é de réir fho-alt (4) i leith tréimhse 3 bliana dá dtagraítear i mír (b) den fho-alt sin agus i leith tréimhse iomchuí 3 bliana, agus

(b) forléireofar é de réir fho-alt (4A) i leith tréimhse 3 bliana dá dtagraítear i mír (a) den fho-alt sin agus i leith tréimhse infheidhme 3 bliana;",

agus

(iii) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "tréimhse iomchuí 3 bliana":

"ciallaíonn 'tréimhse iomchuí 3 bliana' an méid seo a leanas:

(a) an tréimhse ón 1 Eanáir 2012 go dtí deireadh 2014;

(b) an tréimhse ón 1 Eanáir 2013 go dtí deireadh 2015.".

**Toirmeasc ar chonarthaí árachais sláinte a fhoirceannadh nó ar dhiúltú iad a athnuachan**

**5.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 9:

"**9.** (1) Ní dhéanfaidh gnóthas cláraithe conradh árachais sláinte a fhoirceannadh ná (is cuma cé acu a dhéantar nó nach ndéantar foráil leis an gconradh chun é a athnuachan) ní dhiúltóidh sé conradh árachais sláinte a athnuachan gan toiliú an pháirtí eile sa chonradh ach amháin—

(a) i gcás gur tugadh mífhaisnéis chalaoiseach don ghnóthas i ndáil leis an gconradh ar dá thoradh a bhain caillteanas airgeadais don ghnóthas nó a d'fhéadfadh caillteanas airgeadais baint don ghnóthas,

(b) i gcás go scoirfidh an gnóthas de ghnó árachais sláinte a sheoladh sa Stát, nó

(c) faoi réir fho-ailt (2) go (5), i gcás gur scoir an gnóthas de chonarthaí árachais sláinte de chineál an chonartha sin a thairiscint sa Stát.

(2) I gcás go ndiúltóidh gnóthas cláraithe conradh árachais sláinte a athnuachan ('conradh neamh-athnuaite') ar an bhforas dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(c) agus go ndéanfar foráil leis an gconradh sin maidir le sochair i leith seirbhísí ospidéil d'othair chónaithe, déanfaidh sé, an tráth céanna leis an diúltú sin, conradh árachais sláinte ionaid ('conradh ionaid') a thairiscint don pháirtí eile sa chonradh neamh-athnuaite más rud é—

(a) faoi réir fho-alt (3), gurb ionann na seirbhísí ospidéil d'othair chónaithe ar ina leith a bheidh na sochair iníoctha faoin gconradh ionaid agus na seirbhísí sin ar ina leith a bheidh sochair iníoctha faoin gconradh neamh-athnuaite nó gur mó ná na seirbhísí sin iad, agus

(b) faoi réir fho-alt (4), gurb ionann na sochair is iníoctha i leith seirbhísí ospidéil d'othair chónaithe faoin gconradh ionaid agus leibhéal na sochar sin is iníoctha faoin gconradh neamh-athnuaite nó gur mó ná leibhéal na sochar sin iad.

(3) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2)(a) i gcás seirbhís ospidéil d'othair chónaithe—

(a) nach bhfuil ar fáil a thuilleadh sa Stát tráth an diúltaithe dá dtagraítear i bhfo-alt (2), nó

(b) ar ina leith a scoir an gnóthas cláraithe d'aon chonradh árachais sláinte faoina bhfuil sochair iníoctha i leith seirbhís den sórt sin a thairiscint (cibé acu roimh an diúltú sin nó le héifeacht tráth an diúltaithe sin nó tar éis thráth an diúltaithe sin) sa Stát.

(4) (a) Beidh feidhm ag mír (b) más rud é—

(i) go ndéanfar foráil leis an gconradh ionaid go mbeidh an duine árachaithe, a dhéanfaidh éileamh faoin gconradh chun sochair a íoc i leith seirbhísí ospidéil d'othair chónaithe arna soláthar don duine, faoi dhliteanas méid ('méid breise') a íoc faoi chomhair na seirbhísí sin a sholáthar, agus

(ii) maidir leis an méid breise—

(I) nach mó é ná €100 i gcás nach ndearnadh foráil leis an gconradh neamh-athnuaite maidir le coibhéis an mhéid breise, nó

(II) nach mó é ná €100 níos mó ná coibhéis an mhéid breise dá ndearnadh foráil sa chonradh neamh-athnuaite.

(b) Tabharfar neamhaird, chun críocha fho-alt (2)(b), ar an bhforáil sa chonradh ionaid maidir leis an méid breise a íoc.

(5) Gan dochar do ghinearáltacht alt 8(5), i gcás gurb é an conradh ionaid an dara conradh a luaitear dá dtagraítear san alt sin, toimhdeofar, chun críocha an ailt seo, gurb ionann na seirbhísí nó an íocaíocht dá bhforáiltear sa chonradh ionaid agus na seirbhísí nó an íocaíocht sin dá bhforáiltear sa chonradh céadluaite dá dtagraítear in alt 8(5).".

**Leasú ar alt 11C den Phríomh-Acht**

**6.** Leasaítear alt 11C(1)(b) den Phríomh-Acht trí "1 Aibreán 2017" a chur in ionad "1 Márta 2016".

**Leasú ar Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht**

**7.** Leasaítear Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht tríd an Tábla seo a leanas a chur in ionad Thábla 2:

"TÁBLA 2

NA MÉIDEANNA IS INFHEIDHME AN 1 AIBREÁN 2017 NÓ DÁ ÉIS

| **An Aicme Duine Árachaithe** | **An méid den phréimh atá le híoc as an gCiste** |
|---|---|
| Fireannach atá 50 bliain d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 55 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | Nialas |
| Fireannach atá 50 bliain d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 55 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | Nialas |
| Baineannach atá 50 bliain d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 55 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | Nialas |
| Baineannach atá 50 bliain d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 55 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | Nialas |
| Fireannach atá 55 bliana d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 60 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | Nialas |
| Fireannach atá 55 bliana d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 60 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | Nialas |
| Baineannach atá 55 bliana d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 60 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | Nialas |
| Baineannach atá 55 bliana d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 60 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | Nialas |
| Fireannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 65 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | Nialas |

| **An Aicme Duine Árachaithe** | **An méid den phréimh atá le híoc as an gCiste** |
|---|---|
| Fireannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 65 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | Nialas |
| Baineannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 65 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | Nialas |
| Baineannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 65 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | Nialas |
| Fireannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 70 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €850 |
| Fireannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 70 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €1,175 |
| Baineannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 70 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €525 |
| Baineannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 70 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €675 |
| Fireannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 75 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €1,250 |
| Fireannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 75 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €1,950 |

| **An Aicme Duine Árachaithe** | **An méid den phréimh atá le híoc as an gCiste** |
|---|---|
| Baineannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 75 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €1,075 |
| Baineannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 75 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €1,500 |
| Fireannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 80 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €1,750 |
| Fireannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 80 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €2,750 |
| Baineannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 80 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €1,425 |
| Baineannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 80 bliain ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €2,125 |
| Fireannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 85 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €2,375 |
| Fireannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 85 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €3,750 |
| Baineannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 85 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €1,925 |

| **An Aicme Duine Árachaithe** | **An méid den phréimh atá le híoc as an gCiste** |
|---|---|
| Baineannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn ach níos óige ná 85 bliana ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €2,925 |
| Fireannach atá 85 bliana d'aois agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €2,975 |
| Fireannach atá 85 bliana d'aois agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €4,875 |
| Baineannach atá 85 bliana d'aois agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €2,375 |
| Baineannach atá 85 bliana d'aois agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear, nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €3,700 |

".

**Leasú ar alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999**

**8.** Leasaítear alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "ráta sonraithe":

"ciallaíonn 'ráta sonraithe'—

(a) i leith conarthaí iomchuí arna n-athnuachan nó arna ndéanamh an 1 Eanáir 2017 nó dá éis agus an 31 Márta 2017 nó roimhe—

(i) €67.00 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le neamh-bhreischumhdach,

(ii) €134.00 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le breischumhdach,

(iii) €202.00 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le neamh-bhreischumhdach, agus

(iv) €403.00 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le breischumhdach,

agus

(b) i leith conarthaí iomchuí arna n-athnuachan nó arna ndéanamh an 1 Aibreán 2017 nó dá éis—

(i) €74.00 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le neamh-bhreischumhdach,

(ii) €148.00 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le breischumhdach,

(iii) €222.00 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le neamh-bhreischumhdach, agus

(iv) €444.00 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le breischumhdach.".

**Gearrtheideal, tosach feidhme, comhlua agus forléiriú**

**9.** (1) Féadfar an tAcht Árachais Sláinte (Leasú), 2016 a ghairm den Acht seo.

(2) (a) Tiocfaidh *ailt 5* agus *8* i ngníomh an 1 Eanáir 2017.

(b) Tiocfaidh *ailt 6* agus *7* i ngníomh an 1 Aibreán 2017.

(3) Féadfar na hAchtanna Árachais Sláinte, 1994 go 2016 a ghairm de na hAchtanna Árachais Sláinte, 1994 go 2015 agus den Acht seo (seachas *alt 8*) le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Facs: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€2.54

978-1-4064-6115-2

Wt. _. 22. 6/21. Essentra. (63731). Gr.30-15.